

Aiséirí Na Fíréin

Beidh deis ag muintir Chonamara an sár-bhanna seo a chloisteáil beo in Óstan an Dóilín ar an Satharn, 2ú Deireadh Fómhair.

Tá scór bliain anois caite ó tháinig banna ceoil "Na Fíréin" don chéad uair ar stáitse. An bhliain 1984 a bhí ann agus bhí féile Rac a hAon ar siúl i Ráth Cairn Ghlas na Mí. Ní raibh a leithéid cloiste riamh roimhe seo, rac-ghrúpa ag casadh go hiomlán tré mheán na Gaeilge.

Glacadh go fonnmhar lena gcuid ceoil. Chas siad amhráin nua-aoiseacha a phléigh cúrsaí na linne - ní hamháin an ghrá, ach cúrsaí cogaidh / síochána, dí-fhostaíocht, alcóileachais agus éagóir. Eisíodh "Sin mar a Bhíonn", a gcéad albam sa mbliain 1986. Cnuasach amhrán nua-chumtha dá gcuid féin, ina measc "Deireadh na Seachtaine", "Oíche na nGréig" agus an t-amhrán is mó a bhain cáil amach dóibh, "Tír na nÓg".

Ins na blianta beaga ina dhiaidh sin bhí Na Fíréin le cloisteáil ag go leor féilte agus imeachtaí eile ceoil ó cheann ceann na tíre. Chasadar go minic i mBéal Feirste, i mBaile Átha Cliath, i gConamara agus tá sé le maíomh acu gurb é an t-aon turas a rinne siad riamh thar sáile, an gig a chas siad i dToraigh. Is minic a bhí siad le feiceáil ar chláiracha teilifíse náisiúnta chomh maith.

Ceathrar a bhí sa mbanna ag an tús, Eoin, Fran, Colm agus



Gearóid, agus d'fhan an ceathrar sin le chéile síos tríd na blianta. Ach chas corr dhuine eile leo ar feadh tréimhsí éagsúla, ina measc Mick Brady ar dord, Dónal Ó

Faoláin ar an sacsafón, agus Caitríona Ní Threasaigh ar na méarchláir.

Thaifead siad an darna albam "Beagáinín Níos Fearr" sa

mbliain 1990 agus eisíodh é sin ar a lipéad féin "GEALT". Sa bliain 1996 eisíodh meascán ón dá albam ar CD de chuid Gael Linn faoin teideal "Na Fíréin". Tá an t-albam seo fós ar fáil in áiteacha fánacha.

Níor sheinn Na Fíréin le chéile ó lánseáileadh an t-albam deireanach, ach beidh deis ag muintir Chonamara an sár-bhanna seo a chloisteáil beo in Óstan an Dóilín ar an Satharn, 2ú Dheireadh Fómhair. Seo an chéad ceann de shraith beag gigeanna "Aiséirí", a thabharfas Na Fíréin le chéile arís ar stáitse tar éis briseadh 10 mbliana.

Bhí Na Fíréin riamh snasta mar bhanna. Ceoltóirí den scoth a bhí iontu agus ba léir go raibh cleachtadh maith acu ar bheith ag casadh ceol láidir bríomhar le chéile.

Tá siad níos sine anois, (nó níos aibí b'fhéidir) ach is cinnte



go dtabharfaidh siad léiriú chomh beo bríomhar céanna is a thugadh sular bhailigh siad leo go Tír na nÓg.

Siad na baill den ghrúpa a bheas ar stáitse an Dóilín:

Gearóid Ó Murchú:
Príomhghuth agus giotár

Boin Smith: Príomhghiotár agus guth

Colm Mac Séalaigh: Giotár agus guth

Fran MacBride: Drumaí

Mick Brady: Dord agus giotár

Tá muid ag súil le han-oíche. Bí ann!!!

Óst na nOileán - TIGH LEE -

Leitir Mealláin 551161

Óst & Bialann
Ceol gach deireadh seachtaine

Go n-éirí leis an bPléaráca




MIANAIGH GHLEANN GABHLA

Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-552360


Seanmhianach Luaidhe agus
Airgid ón 19ú haois

Turais eolais gach 20 nóiméad



RAPIRE TEORANTA

Indreabhán
Co. na Gaillimhe
Teil: 091-593211
Facs: 593078



COMPLETE
LABORATORY
SOLUTIONS

SAOTHARLANN CHONAMARA TEO
ROS MUC
CO. NA GAILLIMHE
TEIL: 091-574355

INFO@CLS.IE
WWW.COMPLETELABSOLUTIONS.COM
NÍOS FAIDE NÁ RAON NA SÚILE